

Cabhraigh linn... Difríocht a dhéanamh

Mar bhall de Chumann Alzheimer na hÉireann, labhróidh tú ar son breis is 55,000 duine a bhfuil néaltrú orthu, mar aon lena ngaolta agus lena gcúramóirí. Le do chabhairse, beimid in ann leanúint de sheirbhísí a bhaineann leis an néaltrú go sonrach a sholáthar, feasacht a spreagadh agus tionchar a imirt ar bheartais.

Ba mhaith liom bheith i mo bhall de Chumann Alzheimer na hÉireann nó mo bhallraíocht a athnuachan (scríos amach mar is cuí).

Tá síntiús á iniamh agam:

€25 €50 €100

nó tabhartas

Ainm:

Seoladh:

Teileafón:

Fón Póca:

R-phost:

Sonraí cárta creidmheasa:

Visa Visa Debit MasterCard

Uimh. chárta:

Dáta éaga: Uimh. CVC:
3 dhigit dheireanacha

Síniú:

Dáta:

Bí i do dheontóir rialta

Foinse an-luachmhar ioncaim is ea an t-airgead a thugtar dúinn ar bonn rialta. Cuireann sé ar chumas an Chumainn pleanáil don am atá le teacht. Cuireann sé ar do chumas, mar dheontóir, do chúrsaí airgid a pleanáil agus suimeanna a thabhairt le himeacht ama. Is cuma má thugann tú deontas €10 nó €100 – is cabhair gach uile euro beo.

Más mian leat clárú mar dheontóir rialta, cuir glao ar ár bhFoireann Tíomsaithe Airgid ar **(01) 207 3800** nó seol r-phost chuig fundraising@alzheimer.ie le deontas míosúil a shocrú.



Líne Chabhrach Alzheimer

SAORGLAO

1800 341 341

helpline@alzheimer.ie




THE ALZHEIMER
SOCIETY of IRELAND

Bileog Eolais

Maidir le Cumann
Alzheimer na hÉireann

An Oifig Náisiúnta
Bóthar an Teampaill
An Charraig Dhubh
Co. Bhaile Átha Cliath

Teileafón: 01 207 3800
Facs: 01 207 3772
R-phost: info@alzheimer.ie
Gréasán: www.alzheimer.ie
Uimhir Charthanais: CHY 7868



Cé muid féin

Oibríonn Cumann Alzheimer na hÉireann ar fud na tíre i gcroílár pobail áitiúla ag soláthar seirbhísí agus tacaíochtaí a bhaineann go sonrach leis an néaltrú agus ag tacú le cearta agus le riachtanais na ndaoine go léir a bhfuil néaltrú orthu agus a gcúramóirí.

Is í an fhís atá againn go mbeadh Éire ina tír nach bhfulaingíonn aon duine néaltrú inti ina aonar agus a bhfuil beartais agus seirbhísí ar fáil inti chun freagraí cuí a thabhairt do na daoine a bhfuil néaltrú orthu agus dá gcúramóirí, nuair atá an tacaíocht sin riachtanach dóibh.

Céard a dhéanaimid

Eagraíocht náisiúnta, neamhbhrabúsach is ea Cumann Alzheimer na hÉireann, atá dírithe ar an duine, atá bunaithe ar chearta, atá á stiúradh ag gnáthdhaoine agus a chuireann guth na ndaoine a bhfuil néaltrú orthu agus a gcúramóirí i gcroílár a cuid oibre.

Cumann Alzheimer na hÉireann:

- Feidhmíonn sé sainseirbhísí a bhaineann go sonrach leis an néaltrú
- Cuireann sé eolas agus tacaíocht phraiticiúil ar fáil
- Déanann sé stocaireacht ar son seirbhísí reachtúla níos fearr
- Téann sé i mbun feachtais chun go dtabharfar aitheantas don néaltrú mar fhadhb shláinte náisiúnta
- Déanann sé éascú ar obair Ghrúpa Oibre na hÉireann um an Néaltrú
- Tacaíonn sé le Pobail a Chabhraíonn le Daoine a bhfuil Néaltrú orthu a fhorbairt

Na seirbhísí a sholáthraimid

Déanaimid ár ndícheall, trí na seirbhísí agus trí na tacaíochtaí a chuirimid ar fáil, cúram a sholáthar atá dírithe ar an duine ar bhealach a léiríonn riachtanais, mianta agus tuairimí na ndaoine a bhfuil néaltrú orthu agus a ngaolta.

I measc na dtacaíochtaí agus na seirbhísí a chuirimid ar fáil tá:

- Líne Chabhrach Náisiúnta
- Seirbhís Comhairleoireachta maidir leis an Néaltrú
- Clubanna Sóisialta
- Caiféanna Alzheimer
- Grúpaí Tacaíochta
- Cláir Oideachais do Chúramóirí Teaghlaigh
- Ionaid Cúraim Lae
- Seirbhísí Cúraim Baile
- Cúram Faoisimh

Le teacht ar do sheirbhísí áitiúla

☎ Líne Chabhrach: 1800 341 341

@ R-phost: helpline@alzheimer.ie

💻 Idirlíon: www.alzheimer.ie

Tá an Líne Chabhrach Náisiúnta saor in aisce agus faoi rún. Bíonn sí ar oscailt Luan go hAoine, 10 r.n. go 5 i.n. Satharn, 10 r.n. go 4 i.n.

Tiomsú airgid

Foinse ioncaim atá thar a bheith tábhachtach dár seirbhísí is ea tiomsú airgid. Bíonn sé ar siúl in áiteanna éagsúla ar fud na hÉireann, mar aon le himeachtaí agus feachtais náisiúnta. Bíonn sé mar aidhm againn €5 mhilliún a thiomsú in aghaidh na bliana. Le breathnú ar ár Ráiteas ar Oscailteacht agus ar Thrédhearcacht agus lenár gCuntais Bhliantúla a léamh, tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin www.alzheimer.ie

Cén chaoi ar féidir leat cabhrú linn?

Is iomaí bealach ar féidir leat tacú agus cabhrú linn sa troid in aghaidh an néaltraithe. D'fhéadfá tabhartas míosúil a thabhairt dúinn, páirt a ghlacadh i gceann dár n-imeachtaí tiomsaithe airgid, oibriú go deonach i do cheantar áitiúil nó bronntanas a mhairfidh go ceann i bhfad a fhágáil dúinn i d'uacht.

Tiomsaigh airgead:

Eagraigh imeacht tiomsaithe airgid, rith i maratón, glac páirt in imeacht dúshlán nó bí linn ag ceann dár n-imeachtaí iomadúla i gcaitheamh na bliana.

Tabhartas Corparáideach:

Is iomaí bealach ar féidir le gníomhaireachtaí corparáideacha cabhrú le Cumann Alzheimer na hÉireann, lena n-áirítear imeacht tiomsaithe airgid a óstáil, a bheith ina gcomhpháirtí carthanach againn nó trí urraíocht a dhéanamh.

Oidhreacht:

Má fhágann tú oidhreacht ag an gCumann, cinnteoidh tú go leanfaidh do thacaíocht luachmhar ar aghaidh go ceann na mblianta.

Obair Dheonach:

Is é ár bhfís ná a chinntiú go léireofar meas do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu agus dá gcúramóirí, go dtuigfear iad agus go dtabharfar tacaíocht dóibh chun go mbeidh saol sásúil acu. Is féidir leatsa páirt a ghlacadh san obair sin inniu ach oibriú go deonach le Cumann Alzheimer na hÉireann.

Tuilleadh eolais

cuir glao ar 01 207 3800, seol r-phost chuig fundraising@alzheimer.ie nó téigh chuig www.alzheimer.ie